Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Deireadh Fómhair 2022 (OR. en)**

**13577/22**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0020(COD)**

**CODEC 1526**
**AGRI 579**
**AGRIFIN 126**
**AGRIORG 113**
**AGRISTR 77**
**STATIS 50**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht/ an Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le staidreamh ar ionchur agus aschur talmhaíochta, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 617/2008 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1165/2008, (CE) Uimh. 543/2009, agus (CE) Uimh. 1185/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Treoir 96/16/CE ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>— Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 2 Feabhra 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 338(1) CFAE, chuig an gComhairle.

2. An 4 Deireadh Fómhair 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[2].

[1] 5865/21.
[2] 13071/22.

3. Dá bhrí sin, iarrtar ar an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 37/22 é, mar aon leis an dearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle mar a leagtar amach é in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, agus an Rómáin ag staonadh;

- a chinneadh go ndéanfar an dearbhú comhpháirteach thuasluaite ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus an ráiteas ón gCoimisiún mar a leagtar amach é in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo, a fhoilsiú i Sraith C de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

4. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.